

Cuid 1. – Táirgí eile atá agat

Má tá aon cheann de na 3 chatagóir de tháirgí a leanas agat, cuir tic leis an mbosca cuí, tabhair cuntas/tagairt chustaiméara chun an ceannach seo a nascadh le taifid reatha.

Bannaí/Cairteacha Coigiltis/Banna Dlúthpháirtíochta Náisiúnta etc. Tá Cuntas Taisce Tá Duaisbhannaí Tá

Tagairt Reatha

Cuid 2. – Cineál Sealbhóra (Tabhair faoi deara – ní bhaineann an fhoirm seo ach le haghaidh daoine aonair. D'fhoirmeacha iarratais eile, glaigh ar 0818 20 50 60/ 01 705 7200)

Aonair Comhchuntas Mionaoiseach faoi 18 mbliana Síniú Toilithe de chuid Tuismitheoir/Caomhnóir ainmnithe do Mhionaoiseach (faoi 18 mbliana)

Comhlánaigh Cuid 3 Comhlánaigh Cuid 3 **Ainm** (Bloclítreacha)

Painéal 1 Painéal 1, 2 **Síniú**

Cuir tic leis an gcineál gabháiltais a theastaíonn thuas

Cuid 3 – Sonraí an tSealbhóra/na Sealbhóirí Tá gach réimse ar a bhfuil * éigeantach. D'fhéadfaimis scríobh chuig iarratasóirí a thugann uimhir shoghluaiste agus seoladh ríomhphoist chun eolas a thabhairt ar an bpróiseas clárúcháin le haghaidh Coigiltis Stáit ar Líne. Chun tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar StateSavings.ie

| | Painéal 1 An chéad sealbhóir ainmnithe | Painéal 2 An dara sealbhóir ainmnithe | Seolfar gach comhfhreagras chuig an seoladh i bPainéal 1 |
|--------------------------|---|---|--|
| SSCN | <input type="text"/> | <input type="text"/> | Féach leathanach 2 den phríomhbhróisiúr. |
| * Teideal | <input type="checkbox"/> Uasal <input type="checkbox"/> Bean <input type="checkbox"/> Iníon <input type="checkbox"/> Eile | <input type="checkbox"/> Uasal <input type="checkbox"/> Bean <input type="checkbox"/> Iníon <input type="checkbox"/> Eile | |
| * Céadainm(neacha) | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |
| Lárainm | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |
| * Sloinne | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |
| * UPSP | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |
| * Dáta breithe | <input type="text"/> LL <input type="text"/> MM <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> BBBB | <input type="text"/> LL <input type="text"/> MM <input type="text"/> <input type="text"/> <input type="text"/> BBBB | |
| * Seoladh, líne 1 | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |
| * Seoladh, líne 2 | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |
| Seoladh, líne 3 | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |
| * Contae | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |
| Éirchód | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |
| Uimh. theag. theileafóin | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |
| Seoladh Ríomhphoist | <input type="text"/> | <input type="text"/> | |

Cuid 4 – Modh Íocaíochta

Tá na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta agus na Coinníollacha ar leith léite agam/againn agus aontaím/aontaimid go dtí go bhfógrófar a mhalairt an tsuim bhliantúil seo a ioc:

€

i dtráthchodanna

€

Modh íocaíochta Seic* Eile Íosmhéid €25 agus Uasmhéid €1,000 sa mhí

Airgead tírim **Ag Oifig Phoist** **Dochar Díreach**

* Ní mór gach seic bheith iníoctha le NTMA Coigiltis Stáit agus crosáilte le 'cuntas íocaí' air. Féadfaidh tú roghnú le freastal ar aon Oifig Phoist nó d'íocaíocht a sheoladh go díreach chuig:

Coigiltis Stáit, GPO, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

Modh Íocaíochta Míosúil
Tabhair le fios

Ní mór do dhaoine a íocann le Dochar Díreach:

- An sainordú um Dhochar Díreach faoi iamh a chomhlánú.
- Tabhair faoi deara go mbainfeadh na hasbhaintí ó do Chuntas Bainc/Cumainn Foirgníochta ar nó tar éis an 20ú lá de gach mí.

Dearbhaím/Dearbhaimid nach sáróidh comhiomlán na dtráthchodanna míosúla faoin gComhaontú, mar aon leis an tráthchuid/na tráthchodanna míosúla, ar aon Chomhaontú/Chomhaontuithe eile den chineál sin €1,000 in aon mhí amháin, de réir na dtéarmaí agus gcoinníollacha.

1.

2.

Cuid 5 – Modh Íocaíochta agus Foinse Maoinithe Ní mór gach réimse ar a bhfuil * a chomhlánú d'fhonn Táirgí Coigiltis Stáit a cheannach.

| Modhanna íocaíochta | Comhlánaigh an Méid le Ceannach | Modhanna íocaíochta | Comhlánaigh an Méid le Ceannach | *Foinse Maoinithe (Cuir tic le rogha cuí thíos) |
|---------------------|---------------------------------|---------------------|---------------------------------|--|
| Airgead tírim | € <input type="text"/> | Seic Pearsanta | € <input type="text"/> | <input type="checkbox"/> Coigiltis Phearsanta <input type="checkbox"/> Eile – Sonraigh le do thoil |
| Cárta Dochair | € <input type="text"/> | Iomlán | € <input type="text"/> | <input type="checkbox"/> Airgead faighthe le hoidhreacht |

(Seiceanna le bheith iníoctha le NTMA Coigiltis Stáit)

Cuid 6 – Seicliosta don Cháipéisíocht a theastaíonn do Cheannacháin Chéaduaire Féach nóta 2.2 (b) thall

Féach ar StateSavings.ie nó déan teagmháil linn ar 0818 20 50 60, Luan go hAoine chun tuilleadh eolais a fháil.

Foirm Iarratais Chomhlánaithe Cruthúna(i)s ar Ainm Cruthúna(i)s ar Sheoladh Cruthúna(i)s ar UPSP

Cuid 7 – Dearbhú agus Síniú Léigh mé/Léamar agus glacaim/glacaimid leis na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta agus na Coinníollacha ar leith lena n-áirítear úsáid mo/ár UPSP. Síniú agus dátaigh.

Síniú an chéad Sealbhóra Ainmnithe Dáta Síniú an dara Sealbhóra Ainmnithe Dáta

ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

Uimhir na hAdmhála GROF

Ainm Oifige

FORMHUINIGH GACH SEIC LEIS AN UIMHIR ADMHÁLA

Síniú an Oifige

Dáta:

STAMPA DÁTA

SAINRODÚ DOCHAIR DHÍRIGH SEPA

UMR (ÚSÁID OIFIGE AMHÁIN) | S | S |

AITHEANTÓIR AN CHREIDIÚNAÍ | I | E | 1 | 9 | Z | Z | Z | 3 | 0 | 1 | 0 | 4 | 6 |

Leis an bhfoirm sainordaithe seo a shíniú, údaraíonn tú (A) NTMA (agus/nó a ghníomhairí) treoracha a sheoladh chuig do bhanc chun dochar a chur ar do chuntas agus (B) do bhanc chun dochar a chur ar do chuntas de réir treoir ón NTMA (agus/nó a ghníomhairí).

Mar chuid de do chearta, tá tú i dteideal aisíocaíochta ó do bhanc faoi théarmaí agus coinníollacha do chomhaontaithe le do bhanc. Caithear aisíocaíocht a éileamh laistigh de 8 seachtain ón dáta ar cuireadh dochar ar do chuntas.

Tabhair faoi deara: mínítear do chearta maidir leis an sainordú thuas i ráiteas ar féidir leat a fháil ó do bhanc

COMHLÁNAIGH GACH RÉIMSE LENA BHFUIL*

AINM(NEACHA) SHEALBHÓIR/SHEALBHÓIRÍ AN CHUNTAIS BHAINC* (Ainm ar Chuntas an Fhéichiúnaí)

SEOLADH SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS BHAINC

ÉIRCHÓD*

TÍR*

UIMHIR IBAN SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS BHAINC*

CUIR ISTEACH AN UIMHIR IBAN SA BHOSCA I MBARR AR CHLÉ

CÓD AITHEANTAIS SHEALBHÓIR AN CHUNTAIS BHAINC BIC/SWIFT*

AINM AN CHREIDIÚNAÍ (SEOLAR AIS CHUIG)

COIGILTIS STÁIT, GPO, SAORPHOST, BAILE ÁTHA CLIATH 1, ÉIRE, D01 F5P2.

CINEÁL ÍOCAÍOCHTA: ÍOCAÍOCHT ATHFHILLTEACH

SÍNIÚ/SÍNITHE SHEALBHÓIR/SHEALBHÓIRÍ AN CHUNTAIS BHAINC* (SÍNITHEOIRÍ ÚDARAITHÉ AR AN GCUNTAIS BAINC AR CHLÉ)

1.

2.

DÁTA AN TSÍNITHE/NA SÍNITHE* | L | L | M | M | B | B | B | B |

Luaitear trí cinn de na Coinníollacha ó na “Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta agus na Coinníollacha ar leith” reatha sa sliocht seo a leanas.

(Tabhair faoi deara: seachas uimhir 1,2,3 a chur ar na 3 choinníoll seo tá a n-uimhreacha tagartha bunaidh orthu (2,3,5) mar a áiríodh iad sna Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta)

2. Fianaise Aitheantais

2.1 Iarrtar ort d’aitheantas a dheimhniú dúinn (lena n-áirítear do shloinne, do chéadainm, do dháta breithe agus do sheoladh) chun críocha:

- (a) an Chomhaontaithe (aon Idirbheart san áireamh);
- (b) riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus
- (c) cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear cloí le hoibleagáidí reachtúla i gcoinne sciúradh airgid agus slándáil chuntais agus cosc calaoise.

2.2 Tig linn d’aitheantas a fhíorú:

- (a) go leictreonach (trí thagairt a dhéanamh d’fhaisnéis a thug tú, lena n-áirítear d’Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP)); nó
 - (b) de láimh (trí thagairt a dhéanamh do cháipéisíocht bhunaidh nó cóip dheimhnithe inghlactha a chuir tú ar fáil, lena bhféadfaí a áireamh do phas reatha, ceadúnas tiomána AE reatha, bille fóntais le déanaí, ráiteas bainc le déanaí ó bhanc, cumann foirgníochta nó comhar creidmheasa, do Chárta Seirbhíse Poiblí nó cáipéisíocht oifigiúil eile a d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim nó an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí duit).
- 2.3 I gcás nár thug tú fianaise aitheantais shásúil, cuirfimid é sin in iúl duit agus ní rachaimid ar aghaidh le d’iarratas chun an Táirge a cheannach go dtí go bhfíoraítear fianaise d’aitheantais go sásúil. Chun aon amhras a sheachaint, ní thabhófar aon ús, bónas nó méid eile i ndáil le Táirge i rith na tréimhse ina bhfuil fianaise an aitheantais á fíorú faoin gcoinníoll seo.

3. Sonraí Pearsanta

3.1 Is é an NTMA Rialaitheoir Sonraí (chun críche an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)) na sonraí pearsanta ar fad a thugann tú. Is ‘comhlacht sonraithe’ atá san Aire Airgeadais agus sa NTMA chun críocha ailt 262 go 270 agus sceideal 5 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005, arna leasú, faoina bhfuil údarás ag an NTMA agus ag an Aire Airgeadais sonraí pearsanta a phróiseáil, UPSP san áireamh, chun críocha áirithe.

3.2 Baileoimid, próiseálfaimid agus úsáidfimid sonraí pearsanta a bhaineann leat, lena n-áirítear do UPSP agus an fhaisnéis dá dtagraítear i gcoinníoll 2 (Fianaise Aitheantais):

- (a) de réir mar is gá chun an Comhaontú (aon Idirbheart san áireamh) a fheidhmiú;
- (b) i gcomhair riarachán do Tháirge/Tháirgí agus aon Táirge/Táirgí Coigilteas Stáit eile atá agat anois nó a bheidh agat amach anseo, agus
- (c) i gcomhair cúinsí dlí lena mbaineann, lena n-áirítear cloí le hoibleagáidí reachtúla i gcoinne sciúradh airgid agus slándáil chuntais agus cosc calaoise.

3.3 Admhaíonn tú bailiúchán, próiseáil agus úsáid do chuid sonraí pearsanta (do UPSP san áireamh) chun na críocha arna leagan amach in 3.2.

3.4 Tig linn féin, lenár nGníomhairí agus aon soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ag feidhmiú ar ár son sonraí pearsanta a phróiseáil chun críche an Chomhaontaithe agus chun críocha dlí lena mbaineann agus chun aon chríche eile a bhaineann le feidhmiocht an Chomhaontaithe nó aon ní eile a bhaineann leis go réasúnach.

3.5 Coinneoidimid do chuid sonraí pearsanta chomh fada is a bhíonn sealúchas agat le Coigilteas Stáit agus seachas sin de réir an dlí um chosaint sonraí agus na hoibleagáidí reachtúla infheidhmithe (lena n-áirítear faoi reachtaíocht i gcoinne sciúradh airgid).

3.6 Faoi réir do thola, tig linn, nó lenár nGníomhairí, do shonraí pearsanta a úsáid chun críche margaíochta a dhéanamh ar Tháirgí Coigilteas Stáit. I gcás go bhfuil níos mó ná Táirge amháin agat, beidh feidhm ag na sainroghanna is déanaí a thug tú le fios ar gach Táirge atá agat lena mbaineann na Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta.

3.7 Tá sé de cheart agat rochtain a iarradh agus cóip a fháil de do chuid sonraí pearsanta a choinnímid de réir an GDPR, do chuid sonraí pearsanta a cheartú i gcás go bhfuil siad míchruinn nó míthreorach, do chuid sonraí pearsanta a scriosadh, agóid a dhéanamh i gcoinne próiseáil do chuid sonraí pearsanta, iniomparthacht na sonraí i ndáil le do chuid sonraí pearsanta a iarradh. Más mian leat úsáid a bhaint as ceann ar bith de na cearta seo, déan teagmháil leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí, Coigilteas Stáit, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. Feic www.dataprotection.ie i gcomhair tuilleadh eolais.

5. Cláir

5.1 Nuair a ghlactar le d’iarratas chun Táirge a cheannach agus nuair a thugtar fianaise aitheantais go sásúil faoi choinníoll 2 (Fianaise Aitheantais), taifeadfaimid d’ainm(neacha) agus Príomh-mhéid an Táirge sa Chlár infheidhme leis an Táirge sin, agus beidh an Clár ina thaifead oifigiúil den Sealbhóir/de na Sealbhóirí agus de Phríomh-mhéid an Táirge sin.

5.2 Ní bheimid freagrach as aon mhoill a d’fhéadfadh tarlú agus d’iarratas chun ceannacháin á phróiseáil mar gheall ar iarratas neamhiomlán a chur isteach nó má theipeann ort fianaise aitheantais a thabhairt go sásúil faoi choinníoll 2 (Fianaise Aitheantais). Go háirithe, ba cheart go dtabharfaí faoi deara go bhféadfadh sé nach mbeadh an Táirge a ndearna tú iarratas air ar fáil níos mó faoin am go gcríochnaítear an próiseas dá dtagraítear i gcoinníoll 5.1, mar gheall ar aon mhoill de do chuid. Sa chás seo, déanfaimid teagmháil leat chun do threoracha nua a lorg.

5.3 D’fhéadfadh na Cláir bheith ar fáil ar pháipéar nó go leictreonach nó go páirteach i bhfoirm amháin agus i bhfoirm eile, i ngach cás, faoi rogha an NTMA.

Seol an fhoirm seo chuig Coigilteas Stáit, GPO, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2

SEALBHÓIR AN TRÁTHCHOIGILTIS (1) AINM (MÁ TÁ SÉ ÉAGSÚIL ÓN SEALBHÓIR CUNTAIS THALL)

SEALBHÓIR AN TRÁTHCHOIGILTIS (1) SEOLADH (MÁ TÁ SÉ ÉAGSÚIL ÓN SEALBHÓIR CUNTAIS THALL)

UIMH. CHUNTAIS CHUSTAIMÉARA TRÁTHCHOIGILTIS

LUACH NA HÍOCAÍOCHTA* | € | _____

| M | M | B | B |

(AN CHÉAD ÍOCAÍOCHT Ó)

IS É €1,000.00 UASMHÉID AN DOCHAIR DHÍRIGH